Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**5992/20**

**COAFR 52**
**CFSP/PESC 115**
**RELEX 109**
**DEVGEN 20**
**COHOM 14**
**COHAFA 6**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An tSiombáib<br>- Conclúidí ón gComhairle (17 Feabhra 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiombáib, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3747ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 17 Feabhra 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**An tSiombáib**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

1. Tá an tSiombáib i ngreim ag géarchéim ilghnéitheach, strambánach, chasta le fada. Leis an aistriú sa tSiombáib áfach, réitíodh an talamh le haghaidh athchóirithe eacnamaíocha agus polaitiúla ar gheall an Rialtas, nuathofa an tráth sin, iad a chur chun feidhme. Tá an tAontas Eorpach (AE) réidh i gcónaí chun tacú leis na beartais sin, mar a cuireadh in iúl go láidir sna Conclúidí ón gComhairle a glacadh an 22 Eanáir 2018. Ach na deiseanna a thapú i ndáil le fíorchlaochlú, b'fhusa don Aontas atosú le rannpháirteachas níos doimhne, ar bhonn gealltanais fhrithpháirteacha agus comhluachanna i gcomhréir le Clár Oibre 2030, agus dírithe ar chearta an duine, an daonlathas, an rialachas agus an smacht reachta.

2. Tá an tAontas rannpháirteach ar bhonn chlár oibre an Rialtais féin, i gcomhréir le Bunreacht na Siombáibe 2013, mar aon leis na moltaí ón gCoimisiún Motlanthe maidir leis an bhforéigean iarthoghcháin agus an Tuarascáil Deiridh ó Mhisean Breathnóireachta Toghcháin an Aontais chuig an tSiombáib. Is díol sásaimh don Aontas gur cuireadh tús arís le hidirphlé foirmiúil polaitiúil in 2019, mar chéim chun cinn chun caidreamh níos cuidithí a bhaint amach idir an tAontas agus an tSiombáib.

3. Mar sin féin, leis an easpa athchóirithe substaintiúla, an laghdú breise a tháinig ar an spás daonlathach agus leis an éilliú, cuireadh leis an ngéarchéim dhaonnúil, géarchéim atá ag dul in olcas faoi láthair, agus leis an drochstaid eacnamaíoch agus shóisialta.

4. Iarrann an tAontas ar an rialtas dlús a chur le próiseas an athchóirithe pholaitiúil agus eacnamaíoch mar ábhar práinne, ar mhaithe lena dhaonra féin. Iad siúd a sháraigh agus a rinne mí-úsáid ar chearta an duine, ba cheart iad a thabhairt os comhair cúirte go pras agus ba cheart na moltaí ó Choimisiún Fiosrúcháin Motlanthe a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille. Ina theannta sin, is den ríthábhacht go mbeadh idirphlé náisiúnta cuimsitheach ann má táthar chun réitigh struchtúracha inbhuanaithe a aimsiú ar na dúshláin atá ag an tSiombáib.

5. Is den riachtanas freisin rialachas fónta, idir pholaitiúil agus eacnamaíoch, má táthar chun feabhas a chur ar thimpeallacht ghnó agus infheistíochta na Siombáibe agus má táthar chun fás agus forbairt eacnamaíoch a bheadh cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach. Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, atá i bhfeidhm ó 2012 i leith, mealltar an infheistíocht, idir eachtrach agus intíre, i gcónaí.

6. Tá an tSiombáib faoi láthair i ngreim ag dian-ghéarchéim dhaonnúil, lena n-áirítear móréigeandáil maidir le slándáil an tsoláthair bia, móréigeandáil atá á géarú tuilleadh mar gheall ar an athrú aeráide. Tá an tAontas ag tacú le muintir na Siombáibe i réimsí éagsúla, mar shampla an fhorbairt eacnamaíoch, an cúram sláinte príomhúil, forbairt na hathléimneachta, agus trí chabhair dhaonnúil a chur ar fáil freisin. Chuige sin, tá dlús nach beag curtha ag an Aontas lena thacaíocht ó 2019 i leith.

7. Chinn an tAontas a thrádbhac arm a athnuachan agus reo spriocdhírithe sócmhainní a choinneáil ar bun i gcoinne cuideachta amháin, Zimbabwe Defence Industries, ar feadh bliana, agus an staid sa tSiombáib á cur san áireamh, lena n-áirítear an ról a bhí ag na fórsaí armtha agus slándála i sáruithe ar chearta an duine, de réir líomhaintí atá fós le himscrúdú. Cuireadh na bearta sriantacha i gcoinne ceathrar ar fionraí. Leis an lánchosc arm agus leis an reo sócmhainní i gcoinne Zimbabwe Defence Industries, ní dhéantar difear do gheilleagar na Siombáibe, don infheistíocht dhíreach choigríche ná don trádáil. Is é is cúis leis na bearta sin go bhfuil an tAontas ag iarraidh údaráis na Siombáibe a bhroideadh le tiomantas soiléir a thaispeáint i ndáil leis an smacht reachta agus cearta an duine a chosaint.

8. Tá an tAontas réidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar raon iomlán a chuid beartas ag tráth ar bith, nuair atá údar leis sin, ar bhonn a bhfuil ag tarlú sa tír. Féachfaidh an tAontas le comhar breise a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe leis an Aontas Afracach, SADC agus a Bhallstáit, agus le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, ar féidir leo ról lárnach a imirt trí thacú leis an tSiombáib agus idirphlé cuimsitheach á chumasú agus dlús á chur leis an dul chun cinn sna hathchóirithe acu.